An Fhuinneog Ghaelach

San Eagrán seo…….

From Our Committee	Leathanach 2-3
Local news	Leathanach 3
Maureen O'Hara	Leathanach 4
Gaeilge i mBrisbane	Leathanach 5-6
Ceol Pianó	Leathanach 7
Irish on your Phone or Tablet	Leathanach 8-9
More useful tongue-twisters	Leathanach 10
From our editorial team	Leathanach 11

Grianghraf clúdaigh - Sráid Bourke, Melbourne

Fáilte chuig eagrán an earraigh de nuachtlitir - An Fhuinneog Ghaelach - 2026

Ranganna

Táimid leath bealaigh tríd an mbliain agus tá na ranganna ag dul go maith.

Faoi láthair tá thart ar 60 mac léinn ag freastal ar réimse ranganna trí Zoom nó duine le duine i Leabharlann Kathleen Syme.

Buíochas le gach duine – go háirithe na múinteoirí agus na daltaí as na ranganna a choinneáil ag dul chomh maith sin. Agus buíochas speisialta le Roy Kennedy atá ag tacú le dhá ghrúpa bheaga i Bright agus Wodonga.

Fógraí tábhachtacha ón gCoiste

Cruinniú Cinn Bhliana

Beidh Cruinniú Cinn Bhliana 2026 ar siúl ar an 8 Deireadh Fómhair 2026 ag 7.30pm ar Zoom.

Spreagann muid do gach ball a freastal. Seolfar nasc Gréasáin Zoom chugat níos gaire don dáta.

Is deis iontach í an Cruinniú Cinn Bhliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Chumainn le bliain anuas, agus chun pleanáil don bhliain amach romhainn.

Is deis mhaith í freisin do bhaill an Chumainn páirt a ghlacadh sa Choiste agus treoir a thabhairt don Chumann.

Scoil Samhraidh Melbourne 2027

Tá an pleanáil faoi lán seoil do Scoil Samhraidh Melbourne 2027 a bheidh ar siúl i gColáiste Newman, cuid d'Ollscoil Melbourne i Carlton. Tá go leor Scoileanna Samhraidh rathúla ar siúl i gColáiste Newman roimhe seo. Is é an plean reatha an scoil a reáchtáil ó Dé hAoine 22 Eanáir 2027 go dtí Dé Luain 25 Eanáir 2027.

Tá ríomhphost seolta chuig gach ball le suirbhé ag lorg eolais faoi líon na mac léinn, costais lóistín, bainistiú an liosta poist, agus araile.

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ar shuíomh gréasáin an Chumainn freisin. Cliceáil ar an nasc seo a leanas le do thoil:

https://gaeilge.org.au/en/learn/summer-school

Welcome to the spring edition of the newsletter – An Fhuinneog Ghaelach - 2026

Classes

We are almost through term three and classes are going well.

Currently about 60 students are attending a range of classes through Zoom or face to face at the Kathleen Syme Library.

Thanks to everybody – particularly the teachers and students for keeping the classes going so well. And special thanks to Roy Kennedy who is looking after two small groups at Bright and Wodonga

Important notices from the Committee.

Annual General Meeting

The 2026 Annual General meeting will be held on 08 October 2026 at 7.30pm on Zoom. We encourage all members to attend. A Zoom link will be sent closer to the date.

The AGM is a great opportunity to review the activities in the Cumann over the past year, and to plan for the year ahead. It is also a good opportunity for Cumann members to join the Committee and to actively guide the direction of the Cumann.

Melbourne Summer School 2027

Planning is well under way for the return of the Melbourne Summer School 2027 to be held at Newman College, part of the University of Melbourne in Carlton. Many previous successful Summer Schools have been held at Newman College. The current plan is to run the school from Friday 22 January 2027 to Monday 25 January 2027.

An email has been sent to all members with a survey seeking information on student numbers, accommodation costs, managing the mailing list, etc.

Further details can also be found on the Cumann website. Please click on the following link: https://gaeilge.org.au/en/learn/summer-school

Local News

Beidh an chéad Preab-Ghaeltacht eile (againne) ar siúl, mar is gnách, ar an dara Domhnach den mhí — 13 Meán Fómhair, 3:30 pm, The Last Jar (coirn. sr. Elizabeth ⁊ Queensberry).

Our next Pop-up will be, as usual, on the second Sunday of the month — 13 September, 3:30 pm, The Last Jar (cnr. Elizabeth & Queensberry Sts.

Pop-up in Mornington

The Mornington peninsula group meets at the Dubliner pub 65 Octavia St Mornington at 12 pm on last Sunday of every month. All levels welcome https://www.instagram.com/p/Da3ymuIE3OF/

"Banríon an Technicolor"

Bhí Maureen O'Hara (née FitzSimons; 17 Lúnasa 1920 – 24 Deireadh Fómhair 2015) ina ban-aisteoir Éireannach agus Meiriceánach a bhain cáil amach i Hollywood ó na 1940idí go dtí na 1960idí. Bhí gruaig rua nádúrtha uirthi agus bhí cáil uirthi as róil aisteoireachta a dhéanamh mar mhná cróga a bhí paiseanta ach ciallmhar, go minic i scannáin an larthair agus i scannáin eachtraíochta. D'oibrigh sí leis an stiúrthóir John Ford agus lena cara fadtréimhseach John Wayne ar go leor tionscadal.

Rugadh O'Hara i dteaghlach Caitliceach agus tógadh i mBaile Átha Cliath, Éire, í. Bhí sé mar sprioc aici a bheith ina haisteoir ó bhí sí an-óg. Fuair sí oiliúint le Compántas Amharclainne Ráth Maonais (Rathmines Theatre Company) óna deich mbliana d'aois agus le Amharclann na Mainistreach (Abbey Theatre) óna ceithre bliana déag d'aois. Rinneadh tástáil scáileáin di nár measadh a bheith sásúil, ach chonaic Charles Laughton acmhainneacht inti agus shocraigh sé go mbeadh sí ina comh-réalta leis i scannán Alfred Hitchcock, *Jamaica Inn*, sa bhliain 1939. D'áitigh Laughton uirthi a sloinne, FitzSimons, a athrú in aghaidh a toil, agus ghlac sí an t-ainm "O'Hara". Bhog sí go Hollywood an bhliain chéanna chun páirt a ghlacadh leis i léiriú *The Hunchback of Notre Dame*, agus fuair sí conradh ó RKO Pictures. Ina dhiaidh sin, bhí gairm fhada agus an-rathúil aici, agus tugadh an leasainm "Banríon an Technicolor" uirthi.

Bhí O'Hara le feiceáil i scannáin ar nós *How Green Was My Valley* (1941) (an chéad uair a d'oibrigh sí le John Ford), *The Black Swan* in éineacht le Tyrone Power (1942), *The Spanish Main* (1945), *Sinbad the Sailor* (1947), an scannán clasaiceach Nollag *Miracle on 34th Street* (1947) le John Payne agus Natalie Wood, agus *Comanche Territory* (1950). Rinne O'Hara an chéad scannán aici le John Wayne – an t-aisteoir is mó a shamhlaítear léi – sa bhliain 1950, *Rio Grande*; ina dhiaidh sin tháinig *The Quiet Man* (1952), *The Wings of Eagles* (1957), *McLintock!* (1963) agus *Big Jake* (1971). Bhí an oiread sin ceimice eatarthu féin agus Wayne gur shíl go leor daoine go raibh siad pósta nó i gcaidreamh le chéile. Sna 1960idí, agus í ag dul in aois, ghlac O'Hara páirt i róil mháithriúla níos minice, i scannáin ar nós *The Deadly Companions* (1961), *The Parent Trap* (1961) agus *The Rare Breed* (1966). D'éirigh sí as an tionscal sa bhliain 1971, ach d'fhill sí fiche bliain ina dhiaidh sin chun páirt a ghlacadh le John Candy sa scannán *Only the Lonely* (1991).

Go déanach sna 1970idí, chabhraigh O'Hara le gnó eitilte a tríú fear céile, Charles F. Blair Jr., a reáchtáil i Saint Croix i nOileáin Mhaighdean na Stát Aontaithe, agus chuir sí iris in eagar; áfach, dhíol sí iad ina dhiaidh sin chun níos mó ama a chaitheamh i nGleann Garbh in Éirinn. Phós sí trí huaire, agus bhí iníon amháin aici, Bronwyn, leis an dara fear céile aici. Bhí a dírbheathaisnéis, *'Tis Herself* (a foilsíodh sa bhliain 2004), ar cheann de na leabhair ba mhó díol de réir liosta an *New York Times*. Sa bhliain 2009, d'ainmnigh *The Guardian* í ar cheann de na haisteoirí ab fhearr nár ainmníodh riamh do Ghradam Acadamh (Oscar). I mí na Samhna 2014, bronnadh Gradam Onórach an Acadaimh uirthi, a raibh an inscríbhinn seo a leanas air: "Do Maureen O'Hara, ceann de réaltaí is gile Hollywood, a raibh a cuid léirithe spreagúla lán de phaisean, de theas agus de neart". Sa bhliain 2020, bhí sí sa chéad áit ar liosta *The Irish Times* de na haisteoirí scannáin is fearr in Éirinn.

Na háiteanna le Gaeilge a labhairt i mBrisbane agus in Oirdheisceart Queensland

Gaeilge Brisbane

Tá speictream iomlán Gaeilgeoirí againn, ó thosaitheoirí go cainteoirí dúchais. Reáchtálaimid rudaí ionas nach mbíonn eagla ar fhoghlaimeoirí nua nó ar chainteoirí nach bhfuil chomh muiníneach agus nach gcaillfidh siad spéis, agus nach mbíonn cainteoirí níos líofa leamh.

A bhuíochas le flaithiúlacht mhór IASAQ, reáchtálaimid Ciorcail Comhrá gach dara oíche Chéadaoin ag ionad IASAQ i Wooloongabba i mBrisbane. Tosaímid go hoifigiúil ag 6:30 sa tráthnóna agus leanfaimid orainn go dtí 8:30 san oíche, ach is gnách go mbíonn beirt nó triúir ann ó 5:30 sa tráthnóna.

Tá gach rud neamhfhoirmiúil agus suaimhneach agus fáilte roimh aon duine a bhfuil suim acu a gcuid Gaeilge a úsáid nó tosú ag foghlaim.

Bíonn Pop-up GaeltachtaI againn freisin gach Domhnach deireanach den mhí i dteach tábhairne Gilhooley i mBrisbane. Bíonn sé ar siúl ó 12 am don lóin go dtí 2 sa tráthnóna . Aimsigh muid ar Facebook ag 'Gaeilge Brisbane'.

Gaeilge Gold Coast.

Tá grúpa againn freisin ar Gold Coast a thagann le chéile ag SoPo (sean-RSL Southport) i Southport, ar an gcéad agus an tríú Domhnach den mhí.

Mar atá leis an nGrúpa Brisbane, tá speictream iomlán Gaeilgeoirí againn ó thosaitheoirí go cainteoirí líofa. Reáchtálaimid rudaí ionas nach mbíonn eagla ar fhoghlaimeoirí nua nó ar chainteoirí nach bhfuil chomh muiníneach agus nach gcaillfidh siad spéis agus nach mbíonn cainteoirí níos líofa leamh.

Tá gach rud neamhfhoirmiúil agus suaimhneach agus tá fáilte roimh aon duine a bhfuil suim acu a gcuid Gaeilge a úsáid nó tosú ag foghlaim.
Táimid in aice leis an seomra cluichí do pháistí atá faoi bhallaí gloine ionas gur féidir le tuismitheoirí a bpáistí a thabhairt leo agus féachaint orthu ag imirt agus iad ag úsáid na Gaeilge.

Tá SoPo in aice leis an Tram so tá sé go héasca é a aimsiú.

Leis an dá ghrúpa molaimid leabhar nótaí agus peann a thabhairt leat chun nótaí a ghlacadh agus/nó aon rud nua nó suimiúil a d'fhoghlaim tú a scríobh síos.

Táimid ar fáil ar Facebook ar Gaeilge Gold Coast

Lean an dá leathanach Facebook agus bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh liom trí Facebook Messenger le teachtaireachtaí pearsanta le haon cheisteanna eile.

Beidh fáilte romhaibh, saol an teanga, í a labhairt.

Where to speak Irish in Brisbane and South-East Queensland

Gaeilge Brisbane

We have a full spectrum of Gaeilgeoirí (Irish Speakers) from beginners through to fluent speakers. We run things so that new learners or less confident speakers are not intimidated and lose interest, and more fluent speakers are not bored. Thanks to the great generosity of IASAQ, we run Ciorcail Comhrá (Conversation Circles) every second Wednesday night at the IASAQ centre at Wooloongabba in Brisbane. We officially start at 6:30 pm and go through to 8:30 pm, but there are usually a couple of waifs and strays there from about 5:30 pm.

Everything is informal and relaxed and anyone with an interest in using their cuid Gaeilge (bit of Irish) or starting to learn is welcome. There is also a Pop-up Gaeltacht every last Sunday of the month in Gilhooleys pub in Brisbane. It goes from 12 pm lunchtime to 2 pm. Find us on Facebook at 'Gaeilge Brisbane'.

Gaeilge Gold Coast.

We also have a group on the Gold Coast which meets at SoPo (the former Southport RSL) in Southport, on the first and third Sundays of the month. As with the Brisbane Group, we have a full spectrum of Gaeilgeoirí (Irish Speakers) from beginners through to native speakers. We run things so that new learners or less confident speakers are not intimidated and lose interest and more fluent speakers are not bored.

Everything is informal and relaxed and anyone with an interest in using their cuid Gaeilge (bit of Irish) or starting to learn is welcome. We are next to the glass-walled children's games room so parents can bring their kids and watch them play while using Irish. SoPo is next to the Tram line so is very easy to access. With both groups we recommend bringing a notebook and pen to take notes and/or write down anything new or interesting you may have learned. Find us on Facebook at 'Gaeilge Gold Coast'. Follow both Facebook pages and feel free to contact me through Facebook messenger with a private message with any other queries. Welcome, the life of a language is speaking it.

Is mise le meas, Tomaí Ó Fógartaigh

Iarrann mac léinn pianó cabhair

Iarrann mac léinn pianó cabhair. Tuairiscíonn sí go bhfuil suim aici i gceol Éireannach agus deir sí, cé go bhfuil neart leabhar amhrán ar fáil ina bhfuil ábhar ó na Dubliners, na Clancy Brothers agus gníomhartha aitheanta eile, nach cosúil go bhfuil mórán socruithe pianó foilsithe de cheol Éireannach atá oiriúnach do mhic léinn ceoil.

Is é ár gcomhairle duit breathnú ar an tsraith seacht leabhar ina bhfuil píosaí don phianó, arna socrú ag Nora O'Donoghue agus arna bhfoilsiú ag Fentone Music. Forordaíodh iad lena n-úsáid i scrúduithe pianó Bhord Scrúdaithe na Teamhrach don Cheol Éireannach agus tá siad ar fáil ó fhormhór na ndíoltóirí ceoil ar líne.

Mura bhfuil tú eolach ar na foinn, molaimid duit iad a cheannach ó all-sheetmusic.com, áit a bhfuil dlúthdhiosca ag gabháil le gach leabhar chun tú a chur ar an mbóthar ceart. Tá clár ábhair ar a suíomh Gréasáin freisin do gach leabhar. Leid – déan cinnte go n-ordaíonn tú leagan an phianó agus ní leagan an accordion, tá cuma an-chosúil orthu ar an tosaigh ach tá uimhreacha catalóige difriúla acu.

Tá na teidil sa tsraith pianó liostaithe thíos mar aon le grád ceoil agus uimhir chatalóige do gach ceann acu.

****

A piano music student asks for help. She reports that she is interested in Irish music and says that while there are plenty of song books available featuring material from the Dubliners, Clancy Brothers and other well-known acts there doesn't seem to be much in the way of published piano arrangements of Irish tunes suitable for music students.

Our advice is to check out the series of 7 books containing pieces for piano arranged by Nora O'Donoghue and published by Fentone Music. They were prescribed for use in the piano examinations of the Tara Examination Board of Irish Music, now replaced by the **Scrúdú Ceol Tíre (SCT)** system and are available from most online music sellers.

If you are not familiar with the tunes, then we recommend that you buy from all-sheetmusic.com (a division of Hal Leonard Europe) where each book comes with a companion CD to get you up and running.

Their website also has a table of contents for each book. Tip – make sure you order the piano version and not the accordion version, they look very similar on the front but have different catalog numbers.

The titles in the piano series are listed below along with music grade and catalog number for each.

F210	Introduction to Irish Music	Preliminary
F211	Selected Irish Pieces	Grade 1
F220	Melodies of Ireland	Grade 2
F227	Irish Airs	Grade 3
F228	Music of Ireland	Grade 4
F229	Collection of Irish Solos	Grade 5
F230	Irish Concert Pieces	Grades 6, 7 & 8

All are priced at €17.99 plus postage so get cracking and who knows, next time we have a fund-raising event the top billing might be some of our students playing "A musical tribute to Nora"

How to use Irish on your phone or tablet

Córais oibriúcháin

iPhone/IOS

Tá cuid de ar fáil i nGaeilge (Féilire srl.).

Settings -> General -> Language & Region -> Add Language -> Gaeilge

Samsung/Android

Tá Gaeilge ar fáil mar rogha ar an gcuid is mó de na gutháin Samsung.

Settings -> General Management -> Language and input -> Language -> Gaeilge

Níl leagan Gaeilge ar fáil go fóill ar fhóin Android eile.

Suíomhanna/Aipeanna

Facebook

Tá an leagan deisce/brabhsálaí ar fáil as Gaeilge.

Settings & privacy -> Language -> Facebook language -> Gaeilge

Níl leagan den aip ar IOS/Android ar fáil as Gaeilge go fóill.

X

Tá leagan deisce/brabhsálaí ar fáil as Gaeilge:

More -> Settings & Privacy -> Accessibility, display, and languages -> Languages -> App and post languages -> Gaeilge

Níl leagan den aip ar IOS/Android ar fáil as Gaeilge go fóill.

WhatsApp

Ar IOS, tógann WhatsApp an teanga ó shocruithe an fhóin:

Settings -> Language -> Gaeilge

Ar Android, athraítear an teanga sna socruithe san aip féin:

Settings -> App language -> Gaeilge

Leanfaidh WhatsApp Web pé leagan atá san aip ar d'fhón.

RTÉ Player

Is féidir an teanga a athrú ar sheinnteoir RTÉ (brabhsálaí agus aip araon) má théann tú go dtí an leathanaigh Login, agus roghnaíonn tú GAE mar an rogha teanga.

Má tá cuntas RTÉ agat, is féidir an teanga a athrú ó 'Menu' sa chaoi chéanna.

Airbnb

Ar an mbrabhsálaí, is féidir an teanga a athrú ón íocón 'Language and region' ag barr an leathanaigh

Language and region -> Gaeilge

Ar IOS, is féidir an teanga a athrú don aip ar shocruithe an fhóin:

Settings -> Airbnb -> Preferred Language -> Gaeilge

Ríomhphoist

Gmail

Tá leagan deisce/brabhsálaí ar fáil as Gaeilge

Settings -> General -> Language - Gaeilge

Níl leagan den aip ar IOS/Android ar fáil as Gaeilge go fóill.

Outlook

Tá leagan deisce/brabhsálaí ar fáil as Gaeilge:

Settings -> View all Outlook Settings -> General -> Language and Time -> Language -> Gaeilge (Éire)

Ar IOS, roghnaigh

Settings -> Outlook -> Preferred Language

Bainfidh Samsung úsáid as na socruithe don phríomhteanga ar an bhfón.

Níl sé ar fáil go fóill ar Android.

Brabhsalaí

Google

Do chuardach Google, téigh go dtí www.google.com/ga

Eolas sa bhreis

Cur síos ar na háiseanna ar líne is úsáidí sa Ghaeilge

If you know of any other useful apps or websites that can be used in Irish please let us know via the Cumann website www.Gaeilge.org.au and we will include in a future nuachtlitir

Some more useful tongue twisters for our readers

As well as giving your vocal cords a good workout, Irish tongue twisters often illustrate points of grammar.

Try this one first……Má thagann sí tagann sí, ach mura dtagann sí ní thagann sí

Translation……..If she comes, she comes, but if she doesn't she doesn't

This one illustrates the way in which the same verb can be subject to both urú and séimhiú, even within the same sentence. Can you see the reason for each ?

Now have a go at this one……

An bhfaca tú an bacach, nó an bhfaca tú a mhac ?

Ní fhaca mé an bacach, 'is ní fhaca mé a mhac,

Ach dá bhfeicfinnse an bacach nó dá bhfeicfinnse a mhac,

Ní bhacfainn leis an bacach 'is ní bhacfainn lena mhac !

Translation

Have you seen the lame man, or have you seen his son ?

I have not seen the lame man, nor have I seen his son,

But had I seen the lame man or had I seen his son,

I would not have bothered with the lame man nor bothered with his son !

This second twister illustrates a few of the grammatical features of Irish. How many did you spot ?

'is is an abbreviation of agus

An bhfaca is the past tense question form of the irregular verb "feic" meaning to see

A meaning "his" requires a séimhiú on following word

Bhfeicfinnse is the conditional mood of "feic" with an urú and an emphatic suffix

Dá is used in place of má because of the conditional nature of the statement

Lena is a contraction of "leis a" meaning "with his" or "with her". Do not confuse with "leis an"

Ní bhacfainn is a different verb, also in the conditional mood; meaning to interfere or meddle with

Don't mistake the séimhiú on **bhacfainn** for an urú

And as before, can you see the reason for each instance of urú and séimhiú ?

From our editorial team…….

Your Cumann newsletter is rapidly approaching issue 100 but is not the only source of locally-written Gaeilge. The monthly on-line magazine Tinteán carries occasional contributions as Gaeilge from local writers.

Check out the report by Pauline Kelly on taking Irish to Antarctica, see photo below

https://tintean.org.au/2026/06/10/antarctica-ciorcal-comhra-a-travellers-tale/

Tommy Fogarty, who kindly provided the report from Queensland on pages ……has written a piece entitled "Éan Creiche" which is published in the same issue of **Tinteán**

https://tintean.org.au/2026/06/10/poetry-filiocht-tommy-fogarty-mick-mcgann-jones-michael-patrick-moore/

Our Sydney counterparts also publish a newsletter entitled *Cúpla Focal*

https://www.irishlanguageschoolsydney.com/news-events-nuacht-imeachta

And of course, the long running Irish language newsletter by Colin Ryan entitled *An Lúibí*n is still going strong and has just clocked up issue 369. To get on the mailing list contact Colin directly on ***rianach965@gmail.com***

Cumann Gaeilge na hAstráile

The Irish Language Association of Australia

P.O. Box 594

North Melbourne

Vic. 3051

www.gaeilge.org.au